Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11642/26**

**CDR 126**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar beirt chomhaltaí agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ard-Diúcacht Lucsamburg, de Choiste na Réigiún<br>– Glacadh |

1. I litreacha dar dháta an 6 Feabhra 2026[1], an 9 Aibreán 2026[2], an 20 Aibreán 2026[3], agus an 29 Bealtaine 2026[4], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Alexandre DONNERSBACH, comhalta de Choiste na Réigiún, agus Ricardo MARQUES, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig, agus go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Natalie SILVA, comhalta de Choiste na Réigiún, agus Linda GAASCH, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh iad.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 6160/26.
[2] 7591/26.
[3] 7592/26.
[4] 9352/26.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Alexandre DONNERSBACH agus Natalie SILVA, mhol Rialtas Lucsamburg[5] Philippe Gengler, *Membre du Conseil communal de la Commune de Lenningen* (Comhalta de Chomhairle Bardais, Bardas Lenningen), agus Annie NICKEL-STHEIS, *Membre du Conseil communal de la Commune de Bourscheid* (Comhalta de Chomhairle Bardais, Bardas Bourscheid), mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. Ina theannta sin agus chun comhalta a chur in ionad Linda GAASCH agus Ricardo MARQUES, mhol Rialtas Lucsamburg[5] Jessie THILL, *Membre du Conseil communal de la Commune de Walferdange* (Comhalta de Chomhairle Bardais, Bardas Walferdange), agus Marc Michel Marguerite Charles URY, *Membre du Conseil communal de la Commune de Grevenmache*r (Comhalta de Chomhairle Bardais, Bardas Grevenmacher), mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 11640/26 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[5] 11636/26.